COMHAD FÍRICÍ: TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCE

Rewarding Learning

AS1: CUIR CHUIGE I LEITH FORBAIRT CÓRAIS: RÍOMHCHLÁRÚ

Struchtúr Ríomhchlár 3 – Sreabhchairteacha á n-úsáid

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- cur síos a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaí algartaim a léiriú i sreabhchairteacha.

Cad é is sreabhchairt ann?

Ó Struchtúr Ríomhchlár 1: *Is tacar rialacha nó céimeanna é algartam a léiríonn réiteach faidhbe. Baintear úsáid as an algartam le cuidiú le dearadh réitigh d'fhadhb áirithe agus tá tábhacht le hord na gcéimeanna.*

Is léiriú d'algartam i bhfoirm léaráide í sreabhchairt agus mar sin de, léiríonn sí réiteach faidhbe.
Tá siombailí i sreabhchairt a léiríonn sreabh an rialúcháin agus na gníomhartha atá sonraithe in algartam.

Siombailí sreabhchairteacha

Taispeántar roinnt siombailí tipiciúla sreabhchairteacha thíos:

Siombail	Feidhm	Cur síos
	Sreabhlíne	Baintear úsáid as an tsreabhlíne le sreabh na loighce a léiriú trí na siombailí éagsúla a cheangal le chéile.
	Teirminéal (Tosaigh/Stad)	Baintear úsáid as an tsiombail seo le tús agus deireadh na sreabhchairte a léiriú.
	Ionchur/Aschur	Baintear úsáid as an tsiombail seo le hionchur nó aschur sonraí a léiriú.
	Próiseas	Léiríonn an tsiombail seo go bhfuil próiseas, tasc, gníomh nó oibríocht le déanamh. Den chuid is mó bíonn briathar mar chuid den téacs sa dronuilleog.
	Cinneadh	Cuireann bosca cinntí ceist agus roghnaítear conair bunaithe ar thoradh na ceiste a cuireadh. Tá dhá rogha ann Tá nó Níl.
	Nascóir ar leathanach	Is féidir ciorcal a úsáid le teascóg a cheangal le teascóg eile de chairt. Tarraing líne go dtí an ciorcal agus lipéadaigh an ciorcal le litir. Cuir cóip den chiorcal san áit ar mhaith leat an tsreabh leanúint ar aghaidh.
	Nascóir as an leathanach	Is féidir é a úsáid le teascóg sreabhchairte a cheangal le leathanach eile. Mar sin féin, baintear úsáid as an chiorcal go minic don dá rud.
	Próiseas Réamhshainithe	Baintear úsáid as le grúpa ráiteas a dhéanann tasc próiseála amháin a léiriú.
	Doiciméad/Tuairisc	Cuireann an tsiombail seo in iúl go mbaintear úsáid as nó táirgtear tuairisc nó doiciméad.

Sreabhchairteacha á n-Úsáid

Seo sreabhchairt a léiríonn réiteach ar dhá uimhir a shuimiú le chéile.

Fadhb: Suimigh dhá uimhir le chéile agus aschur an tsuim.



Nóta
Ba cheart go mbeadh sreabhchairt chomh neamhspleách agus is féidir mar theanga ríomhchlárúcháin.
READ nó GET, mar shampla, thiocfadh iad seo a úsáid in áit INPUT.
WRITE nó PUT, mar shampla, thiocfadh iad seo a úsáid in áit OUTPUT.

Fadhb: Tá ríomhchlár de dhíth a ríomhfaidh pá áirt-aimseartha in oibrí. Má oibríonn d'oibrí níos mó ná 20 uair, díoltar íocaíocht ragoibre do na huaireanta breise ar luach 1.5 sa bhreis ar an ráta normálta.



Fadhb: Tá ríomhchlár de dhíth a ríomhfaidh meán 10 uimhir curtha isteach ag an úsáideoir.